2025/1551

25.7.2025

CINNEADH (AE) 2025/1551 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 23 Iúil 2025

lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige 13 Bhreitheamh agus 5 Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhar 2024, téarma Alexander ARABADJIEV san áireamh.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, duine a cheapadh sa phost sin don tréimhse ón 15 Meán Fómhair 2025 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030.

(3) Ina fhianaise sin, ainmníodh Alexander KORNEZOV don phost mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais.

(4) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Alexander KORNEZOV ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 15 Meán Fómhair 2025 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2025.

An tUachtarán

C. GRØNBECH-JENSEN